*Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach*

# Scoil Oilibhéir

**An Chúil Mhín**
**Cluain Saileach**
**Baile Átha Cliath 15**
**D15 PX99**

**Príomhoide:** Antóin Ó Cléirigh
**Príomhoide Tánaisteach**: Lára Ní Riain

**Dáta:** 12 Feabhra 2024

A Chairde,

Táim ag scríobh chugaibh thar ceann an Bhoird Bhainistíochta chun sibh a thabhairt aníos chun dáta maidir leis an obair leanúnach atá ar siúl ag an mBord, i bpáirt leis an bhFoireann Deartha agus leis an Roinn Oideachais, chun fás agus forbairt na scoile a éascú. Bhí mé i dteagmháil libh ag deireadh na scoilbhliana seo caite le míniú daoibh go raibh aitheanta ag an Roinn Oideachais, agus glactha acu leis, gur solathraigh an tionscnamh forbartha seo deis chun aghaidh a thabhairt ar an obair nuachóirithe atá riachtanach don fhoirgneamh reatha.

Bhí an Roinn Oideachais tar éis iarraidh ar an bhFoireann Deartha staidéir fhéideartahchta a dhéanamh ar réitigh éagsúla ar na hoibreacha nuachóirithe seo. Ar ndóigh, tógann an saghas seo oibre am agus go dtí an tseachtain seo, ní raibh aon rud suntasach le tuairisiciú. Tá an Bord Bainistíochta tar éis a bheith ag obair leis an bhFoireann Deartha chun na réitigh fhéideartha éagsúla a fhiosrú. Tá lúcháir orm insint daoibh go bhfuil na Tuairiscí Féidearthachta seo críochnaithe ag an bhFoireann Deartha agus curtha chun na Roinne acu. Pléann an Tuairisc le dhá rogha. Rogha 1 is ea síneadh leis an bhfoirgneamh reatha, scartáil an fhoirgnimh reatha ansin agus síneadh eile ina áit. Rogha 2 is ea síneadh leis an bhfoirgneamh reatha agus athchóiriú iomlán ar an bhfoirgneamh reatha ansin.

Fanaimid anois ar chinneadh na Roinne maidir le conas dul ar aghaidh. Níl aon rialacha daingne maidir le fráma ama don saghas seo oibre ach tá súil againn go gcloisimid scéal éigin uathu roimh dheireadh na scoilbhliana seo.

*I am writing to you on behalf of the Board of Management to bring you up to date on the ongoing work being done by the Board of Management, in partnership with the Design Team and the Department of Education, to facilitate the growth and development of the school. I had previously written to you at the end of the last school year to inform you that the Department of Education had recognised, and accepted, that this development project provided an opportunity to address necessary modernisation works to the existing building.*

*The Department of Education had asked our Design Team to draw up feasibility studies for various solutions to these modernisation works. Obviously this kind of work can take time and until this week, there has been nothing significant to report. The Board of Management have been working with the Design Team to examine the various possible solutions. I am delighted to inform you that the Design Team has now completed and submitted these Feasibility Reports to the Department of Education. The Report deals with two options. Option 1 is an extension to the existing building and then the demolition of the existing building and another extension in its place. Option 2 is an extension to the existing building and then a total deep retrofit to the existing building.*

*We now await the Department's decision on how to proceed. There are no hard rules around the timeframe on this type of work but we hope to hear back before the end of this school year.*

Le gach uile bheannacht,

Antóin Ó Cléirigh

runai.scoil.oilibheir@gmail.com 01-8215277 085-1616016 @ScoilOilibheir